2026/366

20.2.2026

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/366 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 19 Feabhra 2026**

**lena gcuirtear allmhairí beansóáite sóidiam de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne faoi réir a gcláraithe**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]) ('an bun-Rialachán'), agus go háirithe Airteagal 14(5) de,

Tar éis na Ballstáit a chur ar an eolas,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 19 Nollaig 2025, d'fhógair an Coimisiún Eorpach ('an Coimisiún'), trí fhógra a foilsíodh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([2]), gur tionscnaíodh imeachtaí frithdhumpála maidir le hallmhairí beansóáite sóidiam de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne isteach san Aontas.

(2) Tionscnaíodh na himeachtaí sin tar éis gearán a chuir Lanxess Chemical B.V isteach an 10 Samhain 2025 thar ceann táirgeoirí a bhfuil níos mó ná 25 % de tháirgeacht iomlán beansóáite sóidiam an Aontais acu.

## 1. **AN TÁIRGE ATÁ FAOI RÉIR A CHLÁRAITHE**

(3) Is é atá sa táirge atá faoi réir a chláraithe ('an táirge lena mbaineann') beansóáit sóidiam, a thagann de ghnáth faoi uimhir Chustaim agus Staidrimh 0023120-9 agus faoi uimhir Sheirbhís na gCoimrithe Ceimiceacha 532-32-1, agus a aicmítear faoi láthair faoi chód AC ex 2916 31 00 (cód TARIC 2916 31 00 91) agus ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne í.

## 2. **CLÁRÚ**

(4) Faoi Airteagal 14(5) den bhun-Rialachán, féadfar allmhairí an táirge lena mbaineann a chur faoi réir a gcláraithe chun a áirithiú go bhféadfar na dleachtanna sin a thobhach go cúlghabhálach, má chomhlíontar na coinníollacha is gá, ar na hallmhairí cláraithe i gcomhréir leis na forálacha dlí is infheidhme, i gcás ina mbeadh torthaí ar na himscrúduithe as a dtiocfadh forchur dleachtanna frithdhumpála.

(5) Chinn an Coimisiún, ar a thionscnamh féin, allmhairí an táirge lena mbaineann a chur faoi réir a gcláraithe faoi Airteagal 14(5) den bhun-Rialachán. Na coinníollacha le haghaidh bhailiú cúlghabhálach na ndleachtanna, más ann dóibh, déanfar measúnú orthu sa rialachán lena bhforchuirfear dleachtanna cinntitheacha.

(6) Aon dliteanas a bheadh ann amach anseo, is as torthaí an imscrúdaithe frithdhumpála a thiocfadh sé.

(7) De réir na ríomhanna arna soláthar sa ghearán inar iarradh imscrúdú frithdhumpála a thionscnamh, meastar corrlach dumpála 125 % agus leibhéal díothaithe díobhála idir 70 % agus 90 % a bheith ann le haghaidh an táirge lena mbaineann sa tréimhse ón 1 Aibreán 2024 go dtí an 31 Márta 2025. De ghnáth, dhéanfaí an méid dliteanais a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo a shocrú ar an leibhéal is ísle den dá leibhéal sin de réir Airteagal 9(4) den bhun-Rialachán.

(8) Má thagann an Coimisiún ar fhianaise le linn an imscrúdaithe gur ann do shaobhadh ar amhábhair de bhun Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán, dhéanfaí an méid dliteanais a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo a shocrú ar leibhéal an chorrlaigh dumpála mar a fhoráiltear in Airteagal 7(2b) den bhun-Rialachán má chinntear nár leor dleacht faoi bhun an chorrlaigh dumpála chun deireadh a chur leis an díobháil a bhain do thionscal an Aontais.

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1036/oj.
([2]) IO C/2025/6744, 19.12.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/6744/oj.

(9) Mar sin féin, ag an gcéim seo ní féidir leis an gCoimisiún an méid dliteanais a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo a mheas. Dá bhrí sin, is ar mhaithe le faisnéis amháin atá na méideanna a luaitear sa ghearán agus ní féidir aon choinne a bheith leis an leibhéal iarbhír dliteanais a shuífear mar thoradh ar an imscrúdú a bheith bunaithe orthu.

### 3. **PRÓISEÁIL SONRAÍ PEARSANTA**

(10) Aon sonraí pearsanta a bhaileofar i gcomhthéacs an chlárúcháin seo, déanfar iad a láimhseáil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [3] maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. Ordaítear leis seo do na húdaráis chustaim, faoi Airteagal 14(5) de Rialachán (AE) 2016/1036, na céimeanna iomchuí a ghlacadh chun allmhairí beansóáite sóidiam isteach san Aontas a chlárú, a thagann de ghnáth faoi uimhir Chustaim agus Staidrimh 0023120-9 agus faoi uimhir Sheirbhís na gCoimrithe Ceimiceacha 532-32-1 agus a aicmítear faoi láthair faoi chód AC ex 2916 31 00 (cód TARIC 2916 31 00 91) agus ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad.

2. Rachaidh an clárúchán in éag 9 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 19 Feabhra 2026.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

[3] Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).